C/2024/3360

24.5.2024

Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 97(4) an chéad fhomhír i gcomhar le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2024/3360)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtríú tír, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1], nós imeachta freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún.

IARRATAS AR FHORMHEAS AR LEASÚ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS

'Iași'

PDO-RO-A0139-AM03

Dáta an iarratais: 6.3.2023

1. Iarratasóir agus leas dlisteanach

Comhlachas Táirgeoirí agus Próiseálaithe Fíonchaor Probota Iași

Cláraíodh an Comhlachas le Cinneadh an 21.5.2014 i gClár na gComhlachas agus na bhFondúireachtaí de Chúirt Dúiche Iași ar feadh tréimhse neamhchinntithe. Is é is cuspóir dó leasanna eacnamaíocha, tráchtála, gairmiúla agus dlíthiúla a chomhaltaí a chur chun cinn agus a chosaint, ar cuideachtaí tráchtála agus trádálaithe aonair iad a tháirgeann agus a phróiseálann fíonchaora.

Tá ceanncheathrú an Chomhlachais ar áitreabh na cuideachta Agroindustrial Ceres SRL, foirgneamh C1, seomra 1, bardas Bivolari, Contae Iași.

2. Tuairisc ar an leasú agus cúiseanna atá leis

1. Cuimsiú catagóirí nua fíonta sa táirgeadh

Leasaítear na sonraíochtaí chun catagóirí nua de tháirgí fíniúna a áireamh mar a shainmhínítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, i.e. fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán agus fíon leathshúilíneach a fhaightear go heisiach sa limistéar atá críochaithe don ainmniúchán tionscnaimh cláraithe Iași, i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm. Féadfaidh na catagóirí sin ainmniúchán tionscnaimh cláraithe Iași a úsáid.

Tá sé d'aidhm ag na catagóirí nua a iarradh leas a bhaint as acmhainneacht fíonsaothrúcháin an limistéir ATFC agus breisluach a chur ar chlú ainmniúchán Iași arís i bhfoirm catagóirí táirgí nua agus freastal ar an éileamh ar thomhaltas fíonta súilíneacha agus fíonta leathshúilíneacha ar ardchaighdeán, ar treocht í ar dá réir go bhfuil tomhaltas intíre ag méadú le blianta beaga anuas, ag díriú go háirithe ar acmhainneacht cineálacha dúchasacha chun fíonta a tháirgeadh.

Leasaítear Caibidlí I agus IV den tsonraíocht agus pointe 3 den doiciméad aonair.

[1] Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

2. Cur i láthair an naisc leis an limistéar geografach le haghaidh na gcatagóirí fíona nua a tugadh isteach

Ós rud é gur tugadh catagóirí nua fíona isteach sa táirgeadh sa limistéar críochaithe, is gá an tsonraíocht a fhorlíonadh le mionsonraí maidir leis an nasc idir an limistéar agus saintréithe na dtáirgí.

Ní mór an tuairisc ar an nasc a léiriú chun an tuairisc iomchuí a thabhairt le haghaidh cineálacha uile fíonta a tháirgtear faoi ATFC Iaşi, chun go léireofar an nasc cúisíoch mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht.

Leasaítear Caibidlí II agus IV den tsonraíocht agus roinn 8 den doiciméad aonair.

3. Léiriú ar thréithe anailíseacha/orgánaileipteacha le haghaidh na gcatagóirí nua arna n-iarraidh

Forlíonadh an tsonraíocht le faisnéis maidir leis na tréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha le haghaidh na gcatagóirí fíona ar iarradh iad a thabhairt isteach – fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán agus fíon leathshúilíneach ar ardchaighdeán chun a áirithiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht is infheidhme maidir le hainmniúcháin tionscnaimh chláraithe lena gceanglaítear cur i láthair na bparaiméadar sin i gcás aon chatagóir táirgthe a úsáideann an ATFC.

Leasaítear Caibidil XI den tsonraíocht agus roinn 4 den doiciméad aonair.

4. Tásca sonracha a áireamh sa lipéadú le haghaidh na gcatagóirí nua fíona a iarradh

Rinneadh an tsonraíocht a fhorlíonadh le forálacha áirithe maidir le buidéalú fíonta agus le tásca sainordaitheacha/roghnacha a bhaineann go sonrach leis na catagóirí nua fíona a tugadh isteach.

Leasaítear Caibidil XII den tsonraíocht táirge, ní dhéantar aon athrú ar an doiciméad aonair.

5. Léiriú ar thásca próiseála teicneolaíochta le haghaidh na gcatagóirí nua fíona

Is é atá i gceist freisin leis na catagóirí nua fíona a chuimsiú sa tsonraíocht táirge mionsonrú gairid a dhéanamh ar theicnící próiseála teicneolaíochta áirithe a bhaineann leis na catagóirí fíona sin – fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán agus fíonta leathshúilíneacha, chun léiriú a sholáthar ar na modhanna teicniúla a bhaineann go sonrach lena dtáirgeadh.

Leasaíodh Caibidil X den tsonraíocht táirge, ní dhearnadh aon athrú ar an doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Iaşi

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

6. Fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán

8. Fíon leathshúilíneach

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. Tréithe orgánaileipteacha agus anailíseacha fíonta geala/rosé

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Tá dath buí na tuí nó buí dian, buí le gealáin scothghlasa, geal nó buí na líomóide ar na fíonta geala, agus tá ruainníní ar na fíonta rosé idir bándearg agus dath an chraicinn oinniúin. Tá dea-bholaithe diana acu de chitris ghlasa agus de bhláth troim, peitil róis, bláthanna basal, crann líoma, acáise, seadóg, dea-bholaithe fíneálta bláthanna páirce, tar éis aosú beag a dhéanamh orthu bíonn blasanna féir úir agus meala orthu freisin. I dtéarmaí blais, bíonn na fíonta geala olartha, agus tar éis aosú a dhéanamh orthu, éiríonn siad beagán cosúil le héitear, agus bíonn dea-bholaithe úll glas, seadóga, péitseoige, meala, féir nuabhainte orthu, agus úire iontach agus iad óg, de chineál bláthach, agus uaireanta bíonn aigéadacht mheasartha acu, bíonn siad torthaíoch le hiarbhlas taitneamhach mianrach, citris agus blasanna an fhéir a thugann beogacht dóibh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	25
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	250

2. Tréithe orgánaileipteacha agus anailíseacha – fíonta dearga

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Tá dathanna deargdhonn, scothchorcra-dhearg dian, dúdhearg go dearg geal nó dearg an rúibín ar na fíonta dearga, agus boladh sonrach de shilíní dubha searbha agus de shilíní searbha, le blas fíor-bhláthach de phrúnaí triomaithe neamh-dheataithe, dea-bholadh de thorthaí foraoise dearga aibí (cuiríní dearga, mónóga, sméara dubha, fraocháin), a bhfuil blas fíneálta fanaile orthu tar éis aosú a dhéanamh orthu agus cumhracht bhláthach a chuireann torthaí úra agus fíonchaora ag tús an aibithe i gcuimhne. Tá an blás maoth, gan seirbhe iomarcach, cothrom, comhsheasmhach, fada, luibhe, agus tainniní searbha atá cothrom le himeacht ama.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	25
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	200

3. Tréithe orgánaileipteacha agus anailíseacha - fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Léiríonn na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán fíneáltacht, úire, dea-bholaithe coipthe le ruainníní de thorthaí a bhfuil bia bán acu, piorraí, iad méadaithe le súilíní míne agus marthanacha. Dath - scothghlas buí nó buí glas i gcás fíonta geala, go toin rúibíní i bhfíonta rosé nó dearga; Boladh - úlla glasa úra, torthaíocha, seadóg, péitseog, dea-bholaithe meala, saintréithe bláthacha de bhláth basal, rós. Blas - saintréithe torthaíocha cothroma céadfacha a chuireann giosta blaistithe i gcuimhne, géar mar gheall ar an dé-ocsaíd charbóin atá ann, agus blas sonrach air. Scaoileadh dé-ocsaíde carbóin: mionsúilíniú flúirseach, aerú marthanach le súilíní beaga go dtí airde iomlán na gloine.

Ag teocht 20 °C tá brú barrachais 3,5 bar ar a laghad de dhé-ocsaíd charbóin ar thuaslagadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	10,50
Aigéadacht iomlán íosta	5.0 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	185

4. Fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán - buí na tuí le toin scothghlasa nó bándearg le toin chorcra. Tá an dea-bholadh sonrach mín agus dian, le blasanna de thorthaí citris, bláthanna oráiste, basal agus peitil róis. Le cothromaíocht idir aigéadacht agus méid siúcra agus bolaithe discréideacha ach blasta d'úsc giosta, tá cúr flúirseach agus súilíní míne marthanacha iontu. Coinníonn an dea-bholadh sonrach dea-bholaithe teirpéineacha na bhfíonchaor, lena gcuirtear na comhdhúile luaineacha aramatacha a tháirgtear le linn coipeadh alcólach. Tá na dea-bholaithe bláthacha a luaitear le fáil sa bhlas freisin, mar aon le seadóga, péitseoga, líomóidí agus sútha talún, chomh maith le blasanna beaga d'úsc giosta, taos, crústa aráin agus taosrán. Tá an fíon éadrom, úr agus galánta, an-mhealltach a bhuí leis na dea-bholaithe bláthacha diana, fada agus marthanacha.

Ag teocht 20 °C tá brú barrachais 3,5 bar ar a laghad de dhé-ocsaíd charbóin ar thuaslagadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	6,00
Aigéadacht iomlán íosta	5,00 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	185

5. Tréithe orgánaileipteacha agus anailíseacha — fíonta leathshúilíneacha

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Cuma: le broidearnach mhín, scothghlas buí, buí na tuí, dath na líomóide nó órga, geal nó bándearg an róis, sú craobh nó dath an bhradáin. Boladh - úr, le dea-bholaithe diana de bhláthanna bána, seasmain, acáise, oráiste, bláthanna crann líoma, caor throim agus rósanna, torthaí úra nó aibí, úlla, piorraí, péitseoga, aibreoga, sútha talún, sútha craobh, silíní, agus citris, go háirithe seadóga, líomóidí nó líomaí.

Blas – coinnítear na dea-bholaithe boltanacha, a thacaíonn aigéadacht leo, go háirithe aigéadacht bhláthach, agus tagann na torthaí chun cinn i méid na haibíochta ag brath ar thráth buainte, mar thorthaí buí – úlla, péitseoga, aibreoga, úlla cainche, agus go leor úire mar gheall ar bhroidearnach agus meánmharthanacht. Tá an mionsúilíniú de dhéine íseal, ach tá sé i láthair go leordhóthanach le haghaidh fíon cothromaithe.

Ag teocht 20 °C tá brú barrachais 1 bhar ar a laghad agus 2,5 bar ar a mhéad de dhé-ocsaíd charbóin ar thuaslagadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	10,00
Aigéadacht iomlán íosta	5,0 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	235

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtais fhíoneolaíocha

An modh saothraithe

Glasbhuaint – líon na dtriopall fíonchaor ag tús an aibithe a laghdú i gcás ina sáraíonn an táirgeadh féideartha na huasteorainneacha a cheadaítear faoin tsonraíocht táirge.

Ní cheadaítear uisciú ach amháin le linn blianta triomaigh, faoi réir fógra ONVPV (an Oifig Náisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon), i gcás ina laghdaíonn an cion uisce san ithir ag doimhneacht 0-100 cm go 50 % den Eatramh Taise Gníomhaí, agus caighdeáin réasúnta uisciúcháin (400-600 m^3/ha) á gcur i bhfeidhm.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. arna buain ag lánaibíocht (CMD), cineálacha Muscat Ottonel, Sauvignon, Pinot gris, Chardonnay, Traminer roz, Golia

   14 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. arna buain ag lánaibíocht (CMD), cineálacha Cabernet Sauvignon, Pinot noir

   14 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. arna buain ag lánaibíocht (CMD), cineálacha Riesling na hIodáile, Riesling de Rhin, Fetească albă, Șarba, Tămâioasă Românească

   15 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. arna buain ag lánaibíocht (CMD), cineálacha Merlot, Arcaș, Fetească neagră

   15 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

5. arna buain ag lánaibíocht (CMD), cineálacha Fetească regală, Aligoté, Busuioacă de Bohotin, Băbească neagră

   16 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. arna buain ag lánaibíocht (CMD), cineálacha Muscat Ottonel, Sauvignon, Pinot gris, Chardonnay, Traminer roz, Golia

   105 heictilítear in aghaidh an heicteáir

7. arna buain ag lánaibíocht (CMD), cineálacha Cabernet Sauvignon, Pinot noir

   105 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. arna buain ag lánaibíocht (CMD), cineálacha Riesling de Rhin, Riesling Iodáilis, Fetească albă, Șarba, Tămâioasă Românească

   112,50 heictilítear in aghaidh an heicteáir

9. arna buain ag lánaibíocht (CMD), cineálacha Merlot, Arcaș, Fetească neagră

   112,50 heictilítear in aghaidh an heicteáir

10. arna buain ag lánaibíocht (CMD), cineálacha Fetească regală, Aligoté, Busuioacă de Bohotin, Băbească neagră

    120 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Contae Iași:

Fo-ainmniúchán tionscnaimh COPOU

Cathair Iași, ceantar Copou;

Bardas Aroneanu, sráidbhailte Aroneanu, Șorogari, Aldei agus Dorobanț;

Bardas Rediu, sráidbhailte Rediu, Breazu, Tăutești agus Horlești

Bardas Movileni, sráidbhailte Movileni, Potângeni agus Iepureni.

Fo-ainmniúchán tionscnaimh BUCIUM

Cathair Iași, ceantar Bucium;

Bardas Tomești, sráidbhailte Tomești, Goruni, Chicerea agus Vlădiceni;

Bardas Bârnova, sráidbhailte Pietrăria, Cercu, Vișan agus Păun;

Bardas Ciurea, sráidbhailte Ciurea agus Hlincea.

Fo-ainmniúchán URICANI

Bardas Miroslava, sráidbhailte Uricani, Miroslava, Vorovești, Balciu, Brătuleni agus Cornești;

Bardas Horlești, sráidbhailte Horlești agus Bogdănești;

Bardas Valea Lupului, sráidbhaile Valea Lupului;

Bardas Lețcani, sráidbhaile Lețcani;

Bardas Dumești, sráidbhaile Dumești;

Baile Podu Iloaiei.

Fo-ainmniúchán PROBOTA

Bardas Probota, sráidbhailte Probota agus Perieni;

Bardas Țigănași, sráidbhailte Țigănași, Cârniceni, Stejării agus Mihail Kogălniceanu;

Bardas Bivolari, sráidbhailte Bivolari, Soloneț, Traian, Buruienești agus Tabăra;

Bardas Andrieșeni, sráidbhailte Andrieșeni, Glăvănești, Fântânele agus Spineni;

Bardas Trifești, sráidbhaile Trifești;

Bardas Roșcani, sráidbhailte Roșcani agus Rădeni.

7. **Cineál/cineálacha fíonchaor**

Aligoté B - Plant de trois, Plant gris, Vert blanc, Troyen blanc

Arcaș N

Busuioacă de Bohotin Rs – Schwarzer Muscat, Muscat fioletovii, Muscat violet cyperus, Muscat rouge de Frontignan

Băbească neagră N - Grossmuttertraube, Hexentraube, Crăcana, Rară neagră, Căldărușă, Serecsia

Cabernet Sauvignon N - Petit Vidure, Burdeos tinto

Chardonnay B - Gentil blanc, Pinot blanc Chardonnay

Fetească albă B - Păsărească albă, Poama fetei, Mädchentraube, Leanyka, Leanka

Fetească neagră N - Schwarze Mädchentraube, Poama fetei neagră, Păsărească neagră, Coada rândunicii

Fetească regală B - Königliche Mädchentraube, Königsast, Kiralyleanka, Dănășană, Galbenă de Ardeal

Golia B

Merlot N – Bigney rouge, Plant Medoc

Muscat Ottonel B - Muscat Ottonel blanc

Pinot Gris G - Affumé, Grauer Burgunder, Grauburgunder, Grauer Mönch, Pinot cendré, Pinot Grigio, Ruländer

Pinot noir N - Blauer Spätburgunder, Blauer Burgunder, Burgund mic, Burgunder roter, Klăvner Morillon Noir

Pinot noir N - Spätburgunder, Pinot nero

Riesling de Rhin B – Weisser Riesling, White Riesling, Riesling Renano, Rheinriesling

Riesling italian B - Olasz Riesling, Olaszriesling, Welschriesling

Sauvignon B - Sauvignon blanc

Traminer Rose Rs - Rosetraminer, Savagnin Rose, Gewürztraminer

Tămâioasă românească B - Busuioacă de Moldova, Muscat blanc à petit grains

Tămâioasă românească B - Rumänische Weihrauchtraube, Tamianka, Tămâioasă albă de Drăgășani

Șarba B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Mionsonraí an limistéir gheografaigh*

Tá an fíonghort suite in oirthuaisceart an Ardchláir Mholdávaigh, sa chrios teagmhála idir an Mhá Mholdávach chnocach agus an tArdchlár Moldávach Láir, críochaithe ag Droim Iaşi. Tá an aeráid measartha ilchríochach le tionchair an-mhór, mar thoradh ar an suíomh ag an gcomhéadan idir aeráid mheasartha ilchríochach an Ardchláir Mholdávaigh agus aeráid adhaimsire ilchríochaí na Má Moldávaí.

Is éard atá sa limistéar fíonghoirt atá suite i limistéir chnocacha na Moldáive (Oirdheisceart) agus ar an droim idirchriosach i dtreo an Ardchláir Mholdávaigh theas (Cnoc Repedea) os comhair Prut (Tomeşti – earnáil Bohotin). Tá roinnt lárionad fíonsaothrúcháin sa limistéar, amhail Copou-Şorogari, Galata, Uricani, Bucium, Comarna, agus Tomeşti, agus sa tuaisceart/oirthuaisceart, thart ar 40 km ó chathair Iaşi, dhá lárionad eile ina bhfuil dálaí fabhracha le haghaidh saothrú fíniúnacha, ina bhfuil cineálacha le haghaidh fíonta ar ardchaighdeán amhail Probota agus Plugari.

Tá na fíonghoirt suite freisin in abhantracha na ngleannta atá snoite isteach sa spás idir Droim Iaşi agus imeall thuaidh agus thoir thuaidh an Ardchláir Mholdávaigh Láir, agus fíonghoirt mhóra a leanann ar aghaidh freisin feadh na n-idirdhromanna tánaisteacha cnocacha a chríochaíonn na habhantracha.

8.2. *An toisc dhaonna*

Sa teicneolaíocht fíonsaothrúcháin, déantar oibríochtaí/oibreacha glasa (córais phrúnála Guyot aonair/Guyot dúbailte/tródam aonair, modh treoraithe fíniúnacha leath-ard á roghnú agus buinneáin á mbaint den ghas) chun cáilíocht na bhfíonta a áirithiú. Bíonn cothromaíocht idir mais duilleog agus ualach torthaí mar thoradh ar oibríochtaí agus oibreacha glasa, chun carnadh ard siúcra sna fíonta a chumasú agus aigéadacht ard a choinneáil (le laghdú an achair duilleoige laghdaítear dóchán aigéad i láthair teasa agus solais).

Cinntear an t-am is fearr le haghaidh na buainte ar bhonn chineál agus aibíocht na gcaor fíonchaor, agus é mar aidhm leis cothromaíocht a bhaint amach idir aigéadacht, siúcraí agus dea-bholaithe.

Déantar na húrfhíonta a ghléghlanadh trí snámhacht, rud a fhágann gur féidir cainníochtaí móra a ghléghlanadh agus a chobhsú go leanúnach, toisc go bhfuil laghdú ar chion na solad agus na gcomhdhúl feanólach ar cheann de na príomhchuspóirí le haghaidh cháilíocht deiridh an úrfhíona.

Cuirtear giostaí roghnaithe leis an úrfhíon úr roimh thús an choipthe alcólaigh, agus cuirtear gníomhachtóirí coipthe i bhfeidhm, a dhéanann coipeadh alcólach agus coipeadh tánaisteach a ghníomhachtú agus a rialáil.

Trí einsímí éagsúla a úsáid, is féidir substaintí lítheacha agus tainniní a eastóscadh go tapa i gcás fíonta dearga agus is féidir eastóscadh dea-bholaithe a fheabhsú i gcás fíonchaora aramatacha, a chaomhnaítear sna fíonta a eascraíonn astu. Maidir le heinsímí a chuirtear leis an meascán úrfhíona mairc de Fetească neagră nó Cabernet Sauvignon, briseann siad síos na comhdhúile peictine agus ceallalóis i gcillbhallaí, rud a fheabhsaíonn eastóscadh substaintí lítheacha.

Maidir le heinsímí a chuirtear leis an meascán úrfhíona mairc de Muscat Ottonel, Busuioacă de Bohotin agus Traminer roz, briseann siad síos na comhdhúile peictine agus ceallalóis i gcillbhallaí, rud a fheabhsaíonn eastóscadh substaintí aramatacha. Úsáidtear einsímí freisin chun substaintí aramatacha a scaoileadh i gcás fíonta a fhaightear ó fhíonchaora ró-aibithe nó faoi choincleach.

8.3. *Mionsonraí faoin táirge*

Fíonta geala, rosé – le raon leathan dathanna idir buí na tuí, buí dian agus buí le gealáin scothghlasa nó buí na líomóide, agus fíonta rosé le ruainníní bhándearg an bhradáin le toin éadroma, bándearg róis, nó duilleoga oinniúin, dea-bholaithe diana de chitreas glas agus bláth troim, peitil róis, bláthanna lítsí, basal, seadóg, páiseog, líoma, uaireanta dea-bholaithe bláthacha fíneálta de bhláthanna páirce agus imreacha meala, féar bainte agus iad aosaithe.

Tá an blas olartha, le dea-bholaithe d'úlla glasa, seadóg, péitseog, mil, féar úrbhainte le húire mór nuair a bhíonn sé úr, aigéadacht mheasartha éadrom, torthaíoch, blasanna mianraí, iarbhlas taitneamhach, blasanna citris agus féir a léiríonn beogacht. Le haibiú measartha caomhnaítear úire an chineáil.

Tá boladh sonrach ag na fíonta dearga de shilíní dubha searbha agus de shilíní searbha, de phlumaí triomaithe neamh-dheataithe, de thorthaí aibí dearga agus foraoise duibhe (cuiríní dearga, mónóga, sméara dubha, fraocháin ghorma) agus blas fanaile fíneálta le haosú. Tá imreacha orthu de dhath dearg geal, dath dearg dian an rúibín agus dath dearg an rúibín den chuid is mó, le blas veilbhitiúil, beagán searbh, le tainniní aibí dea-chothromaithe searbha, tathagach, maothlach, agus, go háirithe, le dea-bholaithe sonracha de thorthaí aibí foraoise (cuiríní, sméara dubha, fraocháin ghorma).

Tá an blas veilbhitiúil, gan aon seirbhe áibhéalach, cothromaithe, le tainniní óga agus iarbhlas marthanach, comhsheasmhach féir, le maothlachas agus dea-bholaithe sonracha de thorthaí foraoise dearga dea-aibí (cuiríní, sméara dubha, fraocháin ghorma).

Léiríonn na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán aigéadacht, úire, dea-bholaithe coipthe ina bhfuil ruainníní de thorthaí a bhfuil bia bán iontu, piorraí, arna méadú le súilíní míne agus marthanacha, agus neart alcóil níos ísle. Dath - scothghlas buí nó buí glas i gcás fíonta geala, go toin rúibíní i bhfíonta rosé nó dearga; Sroicheann an aigéadacht nádúrtha aigéad tartarach 7-9 g/l agus níos airde fós nuair a bhuantar go luath iad. Tá ceanglais chothaitheacha shonracha ag na giostaí le haghaidh coipeadh tánaisteach.

Boladh - úlla glasa úra, torthaíocha, seadóg, péitseog, dea-bholaithe meala, saintréithe bláthacha de bhláth basal, rós. Blas - saintréithe torthaíocha, céadfacha a chuireann úsc giosta i gcuimhne, a bhfuil géar mar gheall ar an dé-ocsaíd charbóin atá ann, agus blas sonrach air. Scaoileadh dé-ocsaíde carbóin - cúr flúirseach, aerú marthanach le súilíní beaga go dtí airde iomlán na gloine.

Tá dath buí na tuí/scothghlas buí/bándearg nó corcra ar na fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán, a bhfuil dea-bholadh dian sonrach orthu a chaomhnaíonn na dea-bholaithe teirpéineacha a gcuirtear comhdhúile luaineacha aramatacha leo ó choipeadh alcólach, agus dea-bholaithe citris, bláthanna oráiste, basal, peitil róis orthu, le cothromaíocht idir aigéadacht agus méid siúcra, le cúr flúirseach agus súilíní míne marthanacha. Blas – coinníonn siad a saintréithe boltanacha, dea-bholaithe de bhláthanna bána, rósanna nó clochthorthaí, péitseoga, aibreoga, plumaí in éineacht le líomóid, líoma agus seadóg, a thugann a úire don fhíon, agus a fhaigheann tacaíocht freisin óna aigéadacht ard. Tá an struchtúr éadrom agus uachtarúil, mar gheall ar uathalú an ghiosta, agus tá an blas fada agus marthanach.

Fíonta leathshúilíneacha – dathanna buí na tuí, líomóid nó buí órga, scothghlas buí nó bándearg an róis, corcairghorm, sú craobh nó dath an bhradáin. Tá broidearnach mhín, nach bhfuil chomh déine acu, agus céad imprisean d'úire bheoga, saintréithe boltanacha bláthacha (go háirithe bláthanna róis, caor throim, seasmain, bláthanna bána) nó bláthanna faoi bhláth úr, ach torthaí freisin amhail úlla, piorraí, péitseoga, aibreoga, plumaí, silíní úra nó aibí ag brath ar a n-aois, agus aigéadacht ard, láidir, lena dtugtar úire. Tá an blas, a choinníonn a shaintréithe bláthacha agus torthaíocha a gcuirtear torthaí citris amhail seadóg nó líomóid leis, galánta, dea-chothromaithe, agus tá struchtúr éadrom aige nach bhfuil chomh casta céanna le fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán.

8.4. *Tosca cinntitheacha*

San fhíonghort, faightear an táirgeacht fíniúna is fearr ar ardchláir ghrianmhara agus ar abhantracha a snoíonn craobh-aibhneacha, a fhaigheann foscadh, in ainneoin a nochta ó thuaidh, ó mhaiseanna aeir ón tuaisceart nó ón oirthuaisceart, agus éifeacht Foehn na maiseanna aeir aneas agus aniar a thagann ón ardchlár ard go dtí na Pasáistí Bahlui agus Prut.

Tá na fíonghoirt suite freisin in abhantracha na ngleannta atá snoite isteach sa spás idir Droim Iași agus imeall thuaidh agus thoir thuaidh an Ardchláir Mholdávaigh Láir, agus fíonghoirt mhóra a leanann ar aghaidh freisin feadh na n-idirdhromanna tánaisteacha cnocacha a chríochaíonn na habhantracha.

Amach ó chnoic Bucium, soláthraíonn Pietrărie agus Tomești torthaí d'fhíonta den chéad rogha amhail Aligote, Fetească albă agus Muscat Ottonel. Táirgtear fíonta le húire shuntasach ó na cineálacha fíonchaor a bhfuil dúchasach den chuid is mó amhail Fetească albă, Fetească regală agus Fetească neagră, agus na cineálacha Aligoté, Muscat Ottonel agus Merlot, mar gheall ar shuíomh an fhíonghoirt ó thuaidh den líne dhomhanleithid 47 , áit nach bhfuil teas an tsamhraidh te go leor chun difear a dhéanamh do na príomhbhlasanna.

Mar gheall ar an topagrafaíocht, atá an-ilroinnte ag sruthanna amhail Frasin, Perieni agus Plopu, a bhfuil fíonghoirt aonair eile ar a bhfánaí, agus an difríocht ó thaobh airde idir leibhéal ghrinnill Prut-Jijia agus leibhéal na beanna máguaird (suíomh níos faide ó dheas a osclaíonn go forleathan i dtreo chonairí Prut-Jijia), tá aeráid níos teo agus solas gréine níos saibhre ag fíonghoirt Probota láir.

Is ithreacha caimbeacha seomaiseoim, ithreacha liatha, reigeasail agus ithreacha antrapacha iad na hithreacha, arb iad ithreacha caimbeacha seomaiseoim na hithreacha is mó, a thugann aigéadacht ard do na fíonta.

Léiríonn tosca aeráide codarsnachtaí móra idir séasúir, le geimhrí crua agus réasúnta tirim, samhraí teo, brothallacha agus tirime go minic, earraigh de theochta agus báisteach mheasartha, agus fómhair éadroma agus ghlana den chuid is mó. An t-ionradantas gréine domhanda ard, a athraíonn de réir nochtadh na bhfánaí, agus an cothrom teirmeach foriomlán sa séasúr fáis, chomh maith leis na dálaí le haghaidh fíonchaora a aibiú i dtréimhsí V agus VI, tá siad fabhrach d'fhíonta ar ardchaighdeán a tháirgeadh agus léirítear iad san úire thipiciúil, sna bolaithe bláthacha (rós, bláth troim, seasmain, bláthanna bána) agus i gcothromaíocht na dtainníní.

Is iad gnéithe na foshraithe liteolaíche (fosuithe lóis pléisticéineacha, faiséisí cré-mharla, gainmheacha), na fosuithe ó fhosuithe lioteolaíocha cré den chuid is mó, na hithreacha ionadaíocha de chineál caimbeach seomaiseoim, ithreacha liatha, reigeasail agus ithreacha antrapacha, a thugann roinnt saintréithe do na fíonta amhail aigéadacht ard, ar toisc thábhachtach í le haghaidh fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán.

Tá aigéadacht ard ag na fíonta socra geala agus rosé a bhuíochas le nochtadh plandálacha agus comhdhéanamh na hithreach, le dea-bholaithe suntasacha de thorthaí úra, as a bhféadfadh torthaí dea-aibithe a dhéanamh faoi thionchar an teasa níos airde i mblianta áirithe. I gcás cineálacha neamh-aramatacha – bolaithe úll, piorraí, péitseog, aibreog, silíní, sútha talún, sútha craobh, plumaí, le bolaithe bláthacha, i gcás na gcineálacha aramatacha – rósanna, sútha talún, bláthanna bána, túis, spíosraí. Bíonn tionchar ag an ithir (go háirithe ithir chaimbeach sheomaiseoim), an aeráid agus an taispeántas ó thuaidh ar na fíonta dearga, rud a fhágann go mbíonn fíonta ag a bhfuil aigéadacht ard, tainniní ísle agus blas torthaíoch mór (citreas go háirithe) acu, uaireanta le dath dearg iontach lonrach an rúibín ag aigéadacht níos airde, le lorg fanaile inaitheanta.

Le haghaidh fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, cuireann an ithir chaimbeach sheomaiseoim acmhainneacht aigéadachta na bhfíonta go leibhéal optamam le haghaidh úire na ndea-bholaithe, dea-bholaithe torthaíocha go háirithe, agus mar gheall ar nochtadh agus treoshuíomh na ngleannta grianmhara chuig na maiseanna aeir thuaidh/thoir thuaidh agus éifeacht Foehn na maiseanna aeir theas/thiar ó Chonair Bahlui agus Prut, is féidir grianrú na bhfíniúnacha a chur chun cinn (grian mhaith le linn an tséasúir fáis). Leis an meánaigéadacht sa limistéar ina bhfuil aeráid mheasartha ilchríochach, tugtar fordhath scothghlas go fordhath órga éadrom nó fordhath bándearg éadrom/fordhath an rúibín d'fhíonta a bhfuil dath buí na tuí orthu.

Tá cineál tipiciúil ag an réigiún mar gheall ar threoshuíomh na ngleannta agus suíomh an fhíonghoirt lastuaidh den líne dhomhanleithid 45 , áit nach mbíonn na samhraí róthe ann, agus tugann sé acmhainneacht thorthaíoch ar na dea-bholaithe príomhúla d'fhíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán; bíonn bolaithe boltanacha coimhthíocha de sheadóg bhándearg agus oráiste ar na fíonta, bolaithe a fhaightear freisin sa bhlas in éineacht le rianta míne basal agus blátha throim. Dírítear aird ar na blasanna torthaíocha mar gheall ar aigéadacht mheasartha agus chothromaithe agus iarbhlas fada. Tá gléine agus trédhearcacht shainiúil ag na fíonta agus dath bándearg éadrom, craiceann bándearg an oinniúin nó dath bándearg an róis orthu, b'fhéidir fiú imreacha corcairghorma, buí na tuí nó claonadh i dtreo dath scothghlas nó órga.

Méadaíonn an ithir chaimbeach sheomaiseoim an aigéadacht fhéideartha de bheagán, aigéadacht a mhúnlaíonn úire na ndea-bholaithe torthaíocha, le cothromaíocht idir an leibhéal aigéadachta agus an méid siúcra.

Forbraíonn na fíonta leathshúilíneacha go maith ar an ithir chaimbeach sheomaiseoim sa limistéar, le haigéadacht shuntasach idir íseal agus meánach, tá blasanna torthaíocha sonracha ag na fíonta atá úr, bríomhar agus fionnuar, agus dea-bholaithe de thorthaí bána, buí agus dearga den chuid is mó orthu i gcás fíon rosé, blas a mbíonn citreas úr air go minic, le dea-bholaithe bláthacha (rós, caor throim) agus torthaíoch den chuid is mó, ach le rianta míne d'im úr freisin, le braistint fuaraithe, milseacht inbhraite go mín agus alcól cothromaithe.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Coinníollacha maidir le lipéadú

Creat dlíthiúil:

sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór an cineál fíona a thaispeáint ar an lipéadú, de réir a mhéid siúcra: tirim, leath-thirim, leath-mhilis, milis.

Má thaispeántar ar an lipéadú ainm an fhíonghoirt aonair nó an fo-ainmniúchán tionscnaimh (COPOU, BUCIUM, URICANI, PROBOTA), de réir mar is iomchuí, ní mór na fíonta a thionscnamh go heisiach ón bhfoinse a léirítear.

Ag brath ar mhianta na dtáirgeoirí, féadfar ceann de na hainmniúcháin aonair fíonghort seo a leanas a chur leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Iași': ARONEANU, REDIU, ŞOROGARI, TOMEŞTI, GORUNI, VLĂDICENI, PIETRĂRIA, VIŞAN, DEALUL DOAMNEI, DOI PERI, MIROSLAVA, URIC, VOROVEŞTI, BALCIU, BRĂTULENI, CORNEŞTI, HORLEŞTI, BOGDĂNEŞTI, COASTA MORII.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.onvpv.ro/sites/default/files/caiet_de_sarcini_doc_iasi_modif_cf_cererii_2445_18.10.2017_cf_notif_com_05.12.2023_no_track_changes.pdf